AN SCÉIM NUÁLAÍOCHTA DO STÁISIÚIN

Tá Coimisiún Craolacháin na hÉireann ("an BCI") ag éileamh iarratas ar mhaoiniúchán ó stáisiúin cheadúnaithe raidió agus teilifíse do thionscnaimh nuálaíoch forbartha faoina **Scéim Nuálaíochta do Stáisiúin 2009**. Is cuid an Scéim seo de chur chuige straitéiseach an BCI chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála craolacháin in Éirinn. Tá ciste iomlán de €30,000 ar fáil trí dheontais a ndámhfar trí phróiséas iarratais iomaíoch.

CÚLRA NA SCÉIME

Tá ról tábhachtach ag an BCI i bhforbairt na hearnála craolacháin in Éirinn agus, ó 1998 i leith, tá maoiniú á sholáthar aige le haghaidh réimse tionscnamh oiliúna agus forbartha.

Is ceann de chroí-luachanna an BCI an nuálaíocht mar atá leagtha amach i *bPlean Straitéiseach an BCI 2004 – 2008*. Leagann *Beartas Oiliúna agus Forbartha an BCI 2007* amach tiomantas an BCI don nuálaíocht ina chuid Prionsabail Feidhmiú Beartais a sholáthraíonn bunús don Scéim Nuálaíochta do Stáisiúin.

> *"I gcomhthéacs oiliúna agus forbartha, nuair a ghlactar leis an luach a chuireann na BCI ar an nuálaíocht tá slí ann do dhul chun cinn agus d'fhorbairt an Bheartais agus, ina dhiaidh sin, d'fhás agus do chur chun cinn na hearnála. Tá an BCI sásta bealaí nua cur chuige a thástáil agus modheolaíochtaí nua san oiliúint agus sa bhforbairt a ghlacadh chun freastal ar riachtanais ilchineálacha na hearnála atá ag síor-athrú. Mar is cuí, tacaíonn an BCI le réitigh nuálacha a stiúradh a chuireann breis feabhais ar fhorbairt scileanna agus inniúlachtaí san earnáil*

CUSPÓIRÍ NA SCÉIME

Is iad **cuspóirí** na Scéime Nuálaíochta do Stáisiúin:

- Deis a thabhairt do stáisiúin tabhairt faoi thionscadal nuálaíoch a bheidh chun sochair a bhfoirne agus/nó a lucht féachana/éisteachta;
- Maoiniúchán a thabhairt do stáisiúin le haghaidh tionscnamh nideoige nach bhfuil freastal á dhéanamh air trí oiliúint stáisiúin nó líonra nó trí thionscnaimh forbartha;
- Deis a thabhairt do stáisiúin triail a bhaint as cur chuige nó modheolaíocht nua agus nuálaíoch chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eagraíochtúil.

INCHÁILITHEACHT DON SCÉIM

Tá cuireadh á thabhairt do stáisiúin raidió agus teilifíse ceadúnaithe in Éirinn iarratas a chur isteach le haghaidh tionscnaimh a shásaíonn na riachtanais maidir le **ceann amháin** ar a laghad de na critéir **A, B agus C**:

A) Deis forbartha a thabhairt don fhoireann agus/nó d'oibrithe deonacha atá ag obair sa stáisiún;
B) Gníomhaíocht an stáisiúin a fheabhsú ar bhealach atá chun sochair na foirne agus/nó lucht féachana/éisteachta an stáisiúin;
C) Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eagraíochtúil an stáisiúin

Ní mór chomh maith go sásódh sé na critéir seo a leanas **ar fad**.

- Ní mór dó a bheith nua agus nuálaíoch i gcomhthéacs an stáisiúin i.e. ní dhearnadh é riamh cheana;
- Ní mór dó a bheith deartha do riachtanais sonracha an stáisiúin agus níor chóir dó forluí a dhéanamh ar oiliúint nó oiliúint a athdhéanamh a tairgíodh cheana (e.g. trí líonra tionscail nó trí thionscnamh forbartha de chuid an stáisiúin féin);
- Ní mór dó tosú agus críochnú laistigh de chreata ama sainithe na Scéime;
- Níl sé ceadaithe an maoiniúchán a úsáid chun cláir a léiriú.[1]

FAISNÉIS IARRATAIS

Tabhair faoi deara na riachtanais seo a leanas maidir le hiarratais:

- Níl ach **iarratas amháin** ceadaithe ó aon stáisiún;
- Ní ghlacfar ach le hiarratais a úsáideann an Fhoirm Iarratais don Scéim Nuálaíochta do Stáisiúin;
- Ní mór **cóip chrua** (sínithe ag Bainisteoir an Stáisiúin) agus **cóip leictreonach** a chur isteach faoi cheann spriocdháta na Scéime;
- Is é **5pm Dé Céadaoin, 29 Aibreán 2009** an sprioc-am le haghaidh iarratas.

Ba chóir **Iarratais Leictreonacha** a sheoladh chuig**:**
pkelly@bci.ie

Ba chóir **Iarratais Chruacóipe** a sheoladh tríd an bpost chuig:

AN SCÉIM NUÁLAÍOCHTA DO STÁISIÚIN
Coimisiún Craolacháin na hÉireann
2 - 5 Plás Warrington

[1] Soláthraíonn an BCI maoiniú chun cláir a léiriú trí scéimeanna eile agus dá bhrí sin tá léiriú cláir eisiata ón Scéim Nuálaíocht Stáisiúin.

Baile Átha Cliath 2

MEASÚNÚ AR IARRATAIS

Déanfaidh coiste moltóireachta ar a mbeidh beirt bhall d'fheidhmeannacht an BCI agus ionadaí neamhspleách ón earnáil craolacháin measúnú ar na hiarratais. Cuirfear cinntí in iúl do na hiarratasóirí agus gheobhaidh siad achoimre gearr aiseolais ón gcoiste moltóireachta. Usáidfidh an coiste moltóireachta na critéir atá leagtha amach thíos chun measúnú a dhéanamh ar iarratais agus chun cinntí a dhéanamh maidir le leithdháileadh maoiniúcháin.

1. ***Nuálaíocht***

Cé mhéid de chur chuige nua nó nuálaíoch a léiríonn an t-iarratas?

2. ***Tionchar Oiliúna agus Forbartha***

Cén chaoi a dhéanfaidh an tionscadal difríocht don stáisiún agus/nó don lucht éisteachta/féachana?

3. ***Cáilíocht agus Soiléire an Iarratais***

An dtugann an t-iarratas cur síos soiléir ar chuspóir agus ar mhodheolaíocht an tionscadail maraon le plean atá costáilte go hiomlán?

4. ***Luach Airgid***

An léiríonn an tionscadal dea-úsáid agus feidhm phraiticiúil maoiniúcháin?

5. ***Scálaí Ama***

An leagann an t-iarratas amach scálaí ama réadúla a léiríonn go gcríochnófar an tionscadal laistigh de spriocanna ama na Scéime?

6. ***Rannpháirtíocht an Stáisiúin***

Cén rannpháirtíocht a bheidh ag an stáisiún sa tionscadal?

PRÓISÉAS MAOINIÚCHÁIN

Cuirfidh an BCI a ndámhachtain deontais in iúl d'iarratasóirí tar eís cruinniú an choiste moltóireachta. Is mar seo a leanas a íocfar an maoiniúchán:

> **Céim 1 -** Eiseoidh an BCI maoiniú de 70% den deontas nuair a chomhaontaítear plean an tionscadail agus nuair a fhaightear Deimhniú Imréiteach Cánach bailí.
>
> **Céim 2 –** Eiseoidh an BCI an 30% atá fágtha nuair a bheidh tuairisc shásúil ar chríochnú an tionscadail lena mbeidh sé riachtanach achoimre cuntais deimhnithe ag iniúchóir neamhspleách a chur san áireamh. Ní mór don tuairisc sin a bheith faighte roimh spriocdháta na Scéime nó tá baol ann go gcaillfidh iarratasóirí maoiniúchán.

AN TUAIRISC AR CHRÍOCHNÚ AN TIONSCADAIL

Is é cuspóir na tuairisce ar chríochnú an tionscadail (tuairim is 500 focal) cuntas a thabhairt ar céard a tharla le linn an tionscadail. Ba chóir go bhféachfadh an tuairisc siar ar na moltaí a leagadh amach sa bhFoirm Iarratais agus ba chóir go dtabharfaí léargas foriomlán ar an bpróiséas agus ar a thionchar ar an stáisiún agus/nó ar a lucht féachana/éisteachta. Ní mór mionsonraí cruinne a chur sa Tuairisc ar Chríochnú an Tionscadail maidir leis an gcaoi ar caitheadh an maoiniúchán agus ní mór don tuairisc a bheith sínithe ag (i) Bainisteoir an Stáisiúin agus (ii) iniúchóir neamhspleách.

Ar a laghad, ba chóir don tuairisc an méid seo a leanas a chur in iúl:

- Céard a bhí i gceist ag an stáisiún a bhaint amach agus cén fáth?
- Cé a bhí páirteach sa tionscadal (sonraí maidir le bainistíocht an stáisiúin, foireann/oibrithe deonacha, éascóirí/rannpháirtithe inmheánacha/eachtracha);
- Céard a tharla (sonraí maidir le gníomhaíochtaí breithmheasa chomh maith le gníomhaíochtaí cur chun cinn agus tacaíochta);
- Cad nár tharla nó nach ndeachaigh de réir an phlean (má bhaineann);
- Ar baineadh amach na cuspóirí nó nár baineadh:
- An tionchar a bhí ag an bpróiséas ar an stáisiún agus an chaoi a mbainfear úsáid as amach anseo;
- Ráiteas iniúchta ar chostais.

DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

Is é 5pm Dé Céadaoin, 29 Aibreán 2009 an sprioc ama chun iarratais a fháil.

Is é 5pm Dé Máirt, 3 Samhain 2009 an sprioc ama leis an Tuairisc ar Chríochnú an Tionscadail a fháil.